CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/907 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meitheamh 2022

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Good Clothes, Fair Pay" [Éadaí Maithe, Pá Cóir] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t–údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Good Clothes, Fair Pay", cuireadh iarraidh ar son a chláraithe faoi bhráid an Choimisiúin an 4 Aibreán 2022.

(2) Is é is cuspóir don tionscnamh, mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh a chuirfeadh de cheangal ar ghnóthais atá gníomhach in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt dícheall cuí a dhéanamh i ndáil le pá maireachtála ina slabhra soláthair chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach: (a) cur le "Creat an Aontais um Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe" agus "Treoir an Aontais maidir le Pá Íosta Leordhóthanach" agus iad a chomhlánú; (b) é a cheangal ar ghnóthais drochthionchair ar an gceart daonna chun pá maireachtála, chun saoirse comhlachais agus chun ceart cómhargála a shainaithint, agus na drochthionchair sin a chosc agus a mhaolú; (c) bochtaineacht san Aontas agus ar fud an domhain a laghdú agus aird ar leith á tabhairt ar chúinsí na mban, na n-imirceach agus na n-oibrithe a bhfuil conarthaí forbhásacha acu, agus ar an ngá le saothar leanaí a chomhraic; (d) cleachtais éagóracha trádála a thoirmeasc ar cleachtais iad a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dochair iarbhír agus fhéideartha d'oibrithe in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt, sin nó a d'fhéadfadh cur leis na dochair sin, agus cleachtais chóra cheannaigh a chur chun cinn; (e) an ceart chun faisnéise a thabhairt do thomhaltóirí maidir le gnóthais in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt; (f) feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht na ngnóthas in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt.

(3) In Iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí ar an ábhar, ar na cuspóirí agus ar an gcúlra. Maíonn na heagraithe nach bhfuil sa phá íosta reachtúil i roinnt Ballstát ach céatadán beag den phá maireachtála, agus, i gcás na dtíortha is príomhtháirgeoirí éadaigh lasmuigh den Aontas, go bhfuil an t-íosphá reachtúil níos lú ná 50 % ar an meán den mhéid atá ag teastáil chun saol fónta a mhaoiniú. I ndáil leis sin, tagraíonn siad do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus d'Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, a n-áirítear iontu an ceart chun íocaíochta a sholáthraíonn saol fónta, ar a laghad, d'oibrithe agus dá dteaghlach. Dar leis na heagraithe, má thugtar aghaidh ar phá maireachtála in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt, sin rud a chuideodh le spriocanna Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ([2]) a bhaint amach, eadhon an bhochtaineacht a dhíothú, comhionannas inscne, obair fhónta, agus táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe. Cuireann na heagraithe i dtábhacht freisin, má thugtar aghaidh ar phá íseal, gur rud é sin a rachadh i ngleic le ceann de na príomhchúiseanna le saothar leanaí, i gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin chun deireadh a chur le saothar leanaí, rud ar gá tús áite a thabhairt dó, dar leis an gCoimisiún, i ngach limistéar beartais ábhartha. Ba cheart a cheangal ar na gnóthais lena mbaineann an dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh na mbeart maolaitheach a glacadh laistigh dá bpróiseas díchill cuí a rianú agus a chur in iúl. Cuireann na heagraithe le fios go bhféadfaidh an Coimisiún modheolaíochtaí iomchuí agus dlisteanacha a mholadh le haghaidh chinneadh an phá maireachtála agus go bhféadfar iad a chur san áireamh ansin i gcás caibidlíocht phá sa earnáil. Éilíonn na heagraithe reachtaíocht freisin chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála san earnáil sin, ag cur le Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

([2]) Rún 70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [Ár saol a athrú ó bhonn: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe], A/RES/70/1 (25 Meán Fómhair 2015).

([3]) Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59).

(4) Ar deireadh, san Iarscríbhinn, éilíonn na heagraithe go gcuirfí feabhas ar thrédhearcacht san earnáil agus go mbeadh sé d'oibleagáid ar ghnóthais faisnéis táirgthe áirithe óna slabhraí soláthair a fhoilsiú, agus ceart chun faisnéise a thabhairt do thomhaltóirí maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha maidir le pá agus socruithe conarthacha forbhásacha. Sholáthair na heagraithe dréacht-togra le haghaidh Treoir a chuimsíonn roinnt eilimintí chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar son a dtionscnaimh.

(5) A mhéid a bhaineann le cuspóirí an tionscnaimh, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlíthiúil a cheanglódh ar ghnóthais atá gníomhach in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt dícheall cuí a dhéanamh i ndáil le pá maireachtála ina slabhra soláthair ar bhonn Airteagal 50 agus Airteagal 114 den Chonradh.

(6) Ar an gcúis sin, níl aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chumhachtaí an Choimisiúin chun togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(7) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha fíorasacha agus substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(8) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(9) Ní tionscnamh é ar léir é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal "Good Clothes, Fair Pay" a chlárú.

(11) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Good Clothes, Fair Pay".

Airteagal 2

Is chuig grúpa eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Good Clothes, Fair Pay', grúpa a bhfuil Maeve GALVIN agus Kirsten KOSSEN ag gníomhú thar a cheann mar theagmhálaithe, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meitheamh 2022

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán